

❖ An Lúibín ❖

3 Nollaig 2007

An tumoideachas agus a naimhde

The Irish Education Minister and Irish-language organisations are still at odds about the teaching of English in the gaelscoileanna.

Tá cogadh an tumoideachais ar siúl go fóill in Éirinn. Tá Gaelscoileanna Teo, FNT, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Conradh na Gaeilge agus Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge ag éileamh ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta ciorclán a chuirfeadh deireadh le tumoideachas iomlán sna gaelscoileanna a chealú agus taighde a choimisiúnú ar an ábhar sula nglacfar cinneadh. Tá achainí ar líne ann mar a leanas:

http://www.petitiononline.com/mod_perl/signed.cgi?Tumoid

Nochtadh tuairim eile i litir san *Irish Independent*, 20/11/07. Níl a fhios ag fear scríofa na litreach cén fáth a bhfuil na heagraíochtaí Gaeilge chomh feargach sin faoi chinneadh an Aire Oideachais agus Eolaíochta. De réir mar a deir an ciorclán, ní mhúinfear Béarla ach ar feadh leathuair an chloig gach lá. Ní thuigeann mo dhuine beirthe ná beo cén locht atá air seo, ós amhlaidh a chaithfidh na daltaí formhór an lae ag labhairt Gaeilge ar aon chuma.

Deir sé go bhfuil ceisteanna i bhfad níos tábhachtaí le réiteach ag lucht gaelscolaíochta, msd, ganntanas na ngaelcholáistí agus an droch-chaoi atá ar mhórán gaelscoileanna. Ní dóigh leis go bhfuil na heagraíochtaí gaelscolaíochta agus Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge ar aon aigne le formhór na nGaeilgeoirí faoin gceist seo.

Mura ndéantar iniúchadh ceart ar ghluaiseacht oifigiúil na Gaeilge, a deir sé, caithfear a bheith go mór san amhras go bhfuil ag teip ar fhormhór na n-eagraíochtaí Gaeilge an teanga a chur chun cinn agus nach seasann siad don chuid is mó de Ghaeilgeoirí.



Idir dhá Ghaeltacht

The Gaeltacht is dying, but Irish is not.

Bhí roinnt rudaí duairce spéisiúla le rá ga Pól Ó Muirí ar an *Irish Times* ar 21/11/07, rudaí, mar a fheicimid, nach gá aontú leo.

Is é an paradacs is mó a bhaineann le cás na Gaeilge sa lá atá inniu ann nach raibh lucht na Gaeilge, aos eagna na Gaeilge, pobal na Gaeltachta, riamh chomh saibhir ná chomh hoilte agus atá siad anois.

Tá airgead agus áiseanna ann a chuirfeadh éad ar chroí ion Aodha Mhic Aingil féin. Maireann muid i ré órga. Ach go fóill féin, tá éigeandáil teanga ann.

Déanann sé tagairt do bharúil an Aire Gaeltachta go raibh bás na Gaeilge sa Ghaeltacht á thuar cheana ach nach mór a chuimhneamh go bhfuil 22,000 duine á húsáid gach lá fós ann taobh amuigh den chóras oideachais. Cé go raibh meath le 60 bliain anuas sa Ghaeltacht, a dúirt an tAire, bhí an-teacht aniar inti freisin, 'agus creideann an Rialtas seo má ghlactar na céimeanna cuí gur féidir leis an nGaeltacht leanúint ar aghaidh'.

Is beag an meas atá ag Ó Muirí ar an gcaint seo. Admhaíonn sé go bhfuil Gaeilge ar an teilifís, ar an raidió agus ar an Idirlíon, agus go bhfuil céimithe le Gaeilge ina dtáinte ann. Mar sin féin, a deir sé, tá an Ghaeltacht ar an dé deiridh agus tá mórchuid phobal na hÉireann balbh i nGaeilge.

Is é a thuairim gurb ionann deireadh na Gaeltachta agus deireadh na Gaeilge mar thionscnamh náisiúnta.

Bíodh sé le toil na ngníomhaithe teanga in oirthear na hÉireann nó ná bíodh, is í Gaeltacht iarthar na hÉireann a thugann gach údarás dá gcuid iarrachtaí. Murab ann di, ní hann don chúis. Tá sé chomh simplí sin. Deireadh ré; deireadh streachailte. Oíche mhaith, Irene.

Deir sé go leanfaidh lucht na Gaeilge ar aghaidh ag craobhscaoileadh an tsoiscéil agus mairfidh cainteoirí dúchais i ndiaidh na díle. Ach ní bheidh pobal ann ná ciall ar bith leis an fhocal *Gaeltacht* a thuilleadh.

Seo caint an rómánsaí a bhfuil na súile oscailte dó, agus ní hé nach bhfuil bunús le cuid di. Is beag amhras atá ann ná go bhfuil an Ghaeltacht ar an dé deiridh, d'ainneoin dhóchas an Aire, cé gur dheacair a shéanadh go bhfuil an t-ór á roinnt go fial. Ach léiríonn an méid a deir Ó Muirí rud eile – bunsmaoineamh cultúrtha a fáisceadh as tionscnamh rómánsach náisiúnaíoch an 19ú haois. Sin íomhá an *Volk* (muintir ghroí na tuaithe) mar fhoínse agus mar phríomhthaca an dúchais. De réir na barúla seo ní féidir le hÉirinn teacht slán mar náisiún gan nead de chainteoirí dúchais den seansaghas ag cogar i gcúl a caipín.

Ach is féidir barúil eile a bhaint as an scéal seo. Níl faic i ndán don Ghaeilge mura bhfuil sí suite go daingean san áit a bhfuil formhór na ndaoine ina gcónaí – sna cathracha. Sin é an fód a n-eascróidh na cainteoirí dúchais as san am atá le teacht.

Is deacair scaradh leis an aisling agus fáil réidh leis an seantionscnamh; ach tá tionscnamh eile ann agus é beag beann ar idé-eolaíocht an stáit. Tá mionphobal amháin ag tréigean na teanga agus mionphobal eile á bailiú chucu. Níl an dream eile úd – atá ina bpobal cathrach d'fhormhór – ina neart go fóill, ach tá siad ag borradh. Tá sé thar am an 'chúis' a chaitheamh i dtraipisí – an méid di atá ag brath ar chuspóirí seanchaite.

Sa bhliain 1946 scríobh an sárscolaire Gaeilge Dáithí Ó hUaithne an méid seo:

B'fhearr liom féin an sean-saol a choimeád beo i gcontae amháin agus í bheith go láidir ann agus slí mhaith bheatha aiges na daoine ann ná na léirithe stáitse, dá fheabhas iad, i mBaile Átha Cliath. Dá bhféadfaí an dá rud a dhéanamh is fearr i bhfad a thaitneodh sé le gach éinne. Ach cultúr Gaelach a chothú i mBaile Átha Cliath agus failli a dhéanamh sa Ghaeltacht féin is mar a chéile é sin agus gad gainmhe a dhéanamh; beidh cuma dheas air acht ní fada go dtitfidh sé as a chéile.

B'fhíor sin ag an am, ach anois tá malairt saoil ann. Tá an Ghaeltacht ar bhéala báis, ach tá Baile Átha Cliath fós ann (agus Béal Feirste agus Doire, gan trácht ar Mhelbourne agus ar gach cathair eile a gheofaí Gaeilgeoirí ann). Tá Gaeltacht nua á déanamh, más lag láidir í, agus aisti sin a thiocfaidh na cainteoirí dúchais feasta.



Na hUigingigh agus a naimhde

Old Norse, language of the Vikings and vehicle of a marvellous literature, is no longer taught at the University of Melbourne. All the more reason to convene a symposium there on 'The Vikings and their Enemies' – and Ireland was not neglected.

Ar 24/11/07 bhí siompóisiam in Ollscoil Mhelbourne faoi *The Vikings and their Enemies*. An Dr Kristina Burge is mó a chuir ar siúl é, agus tháinig scata maith scoláirí le chéile ann chun saol na nUingeach a phlé, agus Éire san áireamh. Tá an ollscoil tar éis deireadh a chur le múineadh na sean-Lochlainnise, ábhar a bhí faoi choimirce na Roinne Sualainnise le roinnt mhaith blianta anuas. Ba dheacair a rá gur chinneadh críonna é, cé go raibh sé ag teacht go binn le doicheall na mbainisteoirí nua acadúla roimh ábhair 'shuaracha'.

Páipéar le Shane McLeod (Ollscoil na hAstráile Thiar) a chuir tús leis an ócáid. Is minic a thugann na príomhfhoinsí 'Danair' nó 'Ioruaigh' ar na hUigingigh, agus ní nach ionadh, is minic a dhéanann scoláirí amhlaidh freisin. Ach deir scoláirí eile nach mbeadh a fhios ag naimhde na nUingeach cén áit dhúchais a luafadh na hUigingigh leo féin, agus go raibh siad dílis do cheantair áitiúla seachas do ríochtaí. Scrúdaigh Shane an téarmaíocht a úsáidtear sna príomhfhoinsí Lochlannacha ón 9ú haois go dtí an 11ú haois chun an cheist a réiteach agus phléigh an t-áitriú Lochlannach in oirthear agus i dtuaisceart Shasana chun a dhéanamh amach arbh iad na 'Danair' a bhí i gceist. Rinne sé amach go raibh na hUigingigh á samhlú féin mar Dhanair agus eile i bhfad sular cuireadh na ríochtaí náisiúnta ar bun.

Dúirt Hollie Thomas (Ollscoil Queensland) go ndearna formhór na staraithe na foinsí scríofa a chur i gcomórtas le fianaise eile chun léargas a fháil ar ré na nUingeach. Chuir sise roimpi na téacsanna féin a scrúdú féachaint cén cuntas a thug a naimhde orthu. Baineadh feidhm as na Croinici Angla-Shacasanacha idir na blianta 787 agus 937 agus cuireadh na téamaí a bhí ann i gcomórtas le foinsí eile in Éirinn agus sa bhFrainc – Annála Uladh, Annálacha Ríoga na bhFrancach agus Annálacha Naomh Beirtín. Tá na téamaí ginearálta céanna le fáil sna foinsí uile, agus baint acu le cúrsaí creidimh, moráltachta agus polaitíochta, ach cuirtear in iúl iad ar bhealaí an-difriúla. I Sasana comhcheanglaíodh teacht na nUingeach le tuair uafásacha nádúrtha. Sa Fhrainc b'ionann difríochtaí sóisialta agus difríochtaí morálta, agus bhí meas págánach ar na hUigingigh. In Éirinn aithníodh go raibh dúil ag na hUigingigh i ngialla agus i mbraighdeanaigh thar aon rud eile. Bhí drochmheas coitianta ar na hUigingigh mar bharbaraigh. Shíl Hollie gurbh fhiú scrúdú níos cruinne a dhéanamh ar an léiriú a rinne Eorpaigh ar na hUigingigh ag an am.

D'fhiafraigh an scoláire nótaí Margaret Clunies-Ross (Ollscoil Shydney) an féidir cur síos ar na hUigingigh mar phobal aontaithe a raibh cuspóirí soiléire acu agus 'naimhde' a thabhairt ar na daoine ar bhrúigh na hUigingigh isteach orthu. Chuir sí béim ar na hathruithe mór sóisialta, polaitiúla agus geilleagracha a tharla i gCríoch Lochlann sa ré úd (ó lár an 8ú haois go dtí lár an 11ú haois) agus sna pobail ar bhuail na hUigingigh leo, rud a chuaigh i bhfeidhm ar an mbail a chuir siad ar a chéile. Feictear na hUigingigh anois mar fhir óga a théadh amach ar bord loinge ag creachadh rompu, ach ní cuireadh croiniceoirí síos orthu ag an am mar aon dream amháin. Bhí caidreamh neamshocair ag na hUigingigh ar a chéile, agus faoi lár an 9ú haois bhí na chéad stáit á mbunú i gCríoch Lochlainn, rud a chuir cuma nua ar an scéal. (Níor aontaigh Margaret le barúil Shane McLeod gur aithin na Lochlainnaigh iad féin roimhe sin mar Ioruaigh nó mar Shualannaigh agus mar sin de.) Dúirt sí go raibh sé an-deacair comhréiteach a dhéanamh leis na hUigingigh – níor chloígh siad leis na rialacha. Is annamh a bhí bunadh tíre in ann iad féin a chosaint le héifeacht ar na strainséirí seo; ba mhínic a íocadh cíos, agus ba mhór an cíos é. Bhí ceannairí cumasacha ag teastáil chun cosanta, agus má tháinig siad (mar a tharla i Sasana) spreag sin spiorad náisiúnta. D'athraigh saol na nUingeach féin de réir mar a theagmháil sé leis an saol mór amuigh.

Chuir Julianna Grigg (Ollscoil Mhelbourne) síos ar an tiarna Sumarliði (Somerled), fear a tháinig isteach sna croinici mar thiarna i gCeann Tíre sa bhliain 1140, nuair a phós sé Raghnaill, iníon Amhlaobh (Óláf), Rí Oileán Mhanann. Bhí sé ag troid le ríthe Albannacha

agus le tiarnaí Lochlannacha nó gur tháinig faoi réim sa chuid is mó d’Inse Gall. Rialaigh a shliocht, na Domhnallaigh, na hInse go dtí an 15ú haois. Sna croiní nochtar é mar chara agus mar namhaid na nAlbannach agus na Lochlannach, agus i ‘startha’ níos déanaí cuirtear síos air mar Ghael seachas mar dhuine de phór Lochlannach. Aois í a mbíodh cumhacht agus féiniúlacht ag athrú gan stad, agus thaispeáin Sumarliði conas ab fhéidir le tiarna seiftiúil a fhód agus a thairseach féin a dhaingniú le teann dúthrachta i saol corrach.

Bhí Leon Wild (Ollscoil Shydney) ag caint ar an brí thuarúil a cuireadh i leith Bhratach an Fhéich, a bhí á hiompar ag na hUigingigh ag Cath Chluain Tairbh, agus rinne sé foinsí agus comhthéacs na Brataí sin a iniúchadh. Tá baint aici le scéalta atá le fáil sna Ságaí i gcoitinne agus a bhfuil nasc acu le hÓðinn, príomhdhia na Lochlannach. Nuair a éiríonn Bratach an Fhéich aníos ina samhailchomhartha chugainn ón gcath, tugann sí léi an bás agus an bua araon.

Dhírigh Pamela O’Neill (Ollscoil Mhelbourne) ar *round towers* na hÉireann. Is minic luaite le hionsuithe na nUingeach iad, ach ní léir ar chor ar bith cén fath ar tógadh iad. Tá baint acu le mainistreacha de chuid na luathmheánaoiseanna, iad an-ard agus caol, agus an doras roinnt méadar os cionn an talaimh. Tugtar ‘cloigthishe’ orthu i nGaeilge, cé gur beag fianaise atá againn go mbíodh cloganna iontu; déantar tagairt do dhóiteán cloigthishe sna sean-annálacha, ach ní féidir talamh slán a dhéanamh de gurbh ionann iadsan agus na cloigthishe atá anois ann. Tógadh an chuid is sine díobh chomh luath leis an 8ú haois; tá céad ceann in Éirinn, beirt in Albain agus aon cheann amháin in Oileán Mhanann, iad le fáil cois abhann i lár tíre agus iad an-infheicthe. Is deacair glacadh leis an tuairim choitianta gurbh áiteanna dídine iad mar a dtéadh na manaigh le treallamh altóra le heagla roimh na hUigingigh. B’éigean a dheimhniú go mbíodh na hUigingigh ag creachadh na n-áiteanna sin, agus ba bheag an mhaith duit dídean a lorg i bhfoirgneamh chomh feiceálach sin, gan trácht ar cé chomh héasca is a sháródh na hUigingigh doras ardaithe agus ar cé chomh deacair is a bheadh sé an cloigtheach a fhágáil tar éis an ruathair. Cibé cúis a bhí le cloigthishe a thógáil, bhí tábhacht ar leith lena n-airde.

Thug Helen Young (Ollscoil Shydney) cuntas ar na hUigingigh mar atá siad le fáil ina lán scéalta ridireachta MeánBhéarla, go háirithe *Havelock* agus *Guy of Warwick*. Tá *Havelock* claonta ina leith ach tugann *Guy of Warwick* droch-chuntas orthu, agus Guy i mbun comhrac aonair le laoch Lochlannach i ndeireadh an scéil. Chuirfeadh an comhrac sin an léitheoir ag cuimhneamh ar Chath Dhroichead Stamford sa bhliain 1066, nuair a bhuaigh na Sasanaigh ar arm Lochlannach. Phléigh Helen soiléiriú an tSasanachais trí ‘strainséir’ a dhéanamh de na hUigingigh.

Thug Ian Rogers (Ollscoil Mhelbourne) páipéar an-suimiúil ar na *berserkir*, laochra fiáine Uingeacha a thug an focal *berserk* don Bhéarla. Creideann mórán daoine gur chumann in éide ainmhí iad na *berserkir*, baicle fhíochmhar a d’adhraigh Óðinn. Bhí siad cosanta ag an eolas a thug a ndia dóibh, rud a chuir eagla ar a naimhde. Is é an *Ynglinga Saga* a thugann an cuntas is iomláine orthu, ach scríobhadh é sa 13ú haois, dhá chéad bliain tar éis iompú na hÍoslainne chun Críostaíochta. Dúirt Ian gurb é is dóichíde ná gurbh ógánaigh iad na *berserkir* a bhí i mbéala dul sna fir, iad gafa in idirthréimhse ar chosúil leis an mbás é, agus Óðinn acu mar dhia an bháis. Bheadh caitheamh craiceann ainmhí ag teacht go maith le nósanna den saghas sin in áiteanna eile agus rúnpháirtithe i gceist. Níor ghá, ar ndóigh, gurbh iad na hógánaigh sin na saighdiúirí ba chumasaí i ndáiríre agus iad ainchleachta le comhrac.

Thug Lisa Bennett (Ollscoil Flinders) páipéar ar na hUigingigh i gcuimhne chultúrtha na hÍoslainne. I mórán de na ságaí deirtear gur ón Iorua a tháinig idir Íoslannaigh agus Uigingigh. Nuair a bhí daoine ag cur fúthu san Íoslainn i ndeireadh an 9ú haois agus sa 10ú haois is ansin is mó a bhí na hUiginnigh i mbun oibre. Bhí caidreamh ag na hÍoslannaigh ar a ngaolta san Iorua, ach déanann na téacsanna idirdhealú idir Íoslannaigh agus Uiginnigh. Dealraíonn sé gur shíl lucht scríofa na ságaí gur chóir dá ngaolta págánacha imeacht leo ag creachadh ar choinníoll go ndéanfaidís thar lear é. Dhá namhaid atá ag na hUigingigh i

gcuimhne chultúrtha na hÍoslainne. Shíl lucht scríofa ságaí sa 13ú haois agus sa 14ú haois gur cheart do na hÍoslannaigh cúl láimhe a thabhairt do ghnóthaí na nUigingeach de bharr an iompaithe chun Críostaíochta agus an Eaglais a bhunú de réir dlí. Rud eile a d'fhág a lorg ar an scéal is ea an t-achrann a bhí ar siúl idir an Íoslainn agus ríocht na hIorua ag an am, rud a d'fhéadfadh na scríbhneoirí a chlaonadh i gcoinne na nIoruach mar lucht creachadóireachta.

Rinne Katrina Burge (Ollscoil Mhelbourne) trácht ar an aeráid i ré na nUigingeach. De ghnáth déantar staidéar staire le téacsanna a bhfuil a bhformhór mór scríofa ag lucht ceannais a bhí oilte agus ina gCríostaithe de ghnáth, rud a chuidíonn lenár scaradh amach ó oibriú an nádúir sa seansaol. Ba mhínic nárbh fhéidir le háiseanna an tsaol sin daoine a chosaint ar an gcruatan. Chuaigh athruithe aeráide agus drochaimsir i bhfeidhm ar dhaoine riamh, agus tá Críoch Lochlann ar imeall an limistéir ináirithe. Bacann sceirdiúlacht na háite an churadóireacht agus méadú an daonra féin, agus bhí daoine ag brath ar an bhfarráige, rud a d'fhág gur bhaol dóibh an drochshíon ar muir agus ar tír. Bhristí longa; san Íoslainn féin chailltí an féar. Sa Danmhairg tá scéal le hinsint ag uaigheanna na n-uasal, iarsmaí saibhre iontu ar feadh tréimhsí rathúla nuair a bhí an aimsir go maith agus iarsmaí bochta iontu nuair a theip ar na barraí. D'fhág an méid seo a rian ar an áitriú agus ar imeachtaí áirithe ar nós Lindisfarne agus Chath Dhroichead Stamford, 'leabharthacaí' traidisiúnta na ré. Bhí an chéad ionsaí a rinne na hUigingigh á thuair ag rudaí iontacha sa spéir, 'dragain' agus eile, agus d'fhéadfadh baint a bheith a leithéidí de chomharthaí le drochaimsir agus le drochbharraí. Bhí teacht deireanach na Lochlannach (ar nós theacht na Normannach) ag brath ar chóir ghaoithe.

Thug an scoláire neamhspleách Roswitha Dabke caint ar dhearcadh staraithe an Tríú Ríocht i leith na seantreibheanna Gearmánacha, go háirithe na hUigingigh, agus ar an gcaoi a ndeachaigh seo i bhfeidhm ar churaclam scoile i stát Victoria. De shliocht Gearmánach í, agus bhí a dtuismitheoirí ina gcónaí sa Ghearmáin ar feadh an chogaidh, nuair a bhí na staraithe sin ag foilsíú leabhar faoi uaisleacht agus faoi ghaisce na sinsear. Blianta ina dhiaidh sin, nuair a bhí sí ag beartú curaclam staire le haghaidh an chlár Ghearmáinise i Victoria, ní ghlacfaidh a comhpháirtithe le haon leagan staire a gcuirfeadh i gcuimhne an dearcadh Naitsíoch, rud ba chúis le treise a chur ar an 19ú haois agus ar Weimar.

Lean Bernard Mees (Ollscoil Mhelbourne) den téama seo, agus é ag taispeáint conas a bhain an stát Naitsíoch feidhm as íomhá radacach den seansaol Lochlannach mar arm i gcoinne na mBoilséiveach, rud is léir ó na póstaerí earcaithe a scaipeadh sa Danmhairg. Chomh maith leis sin, cuireadh i gcoinne scoláirí seanfhaiseanta léinn Lochlannaigh sna hollscoileanna, dream rómánsach ar chuir a nduairceas stairiúil colg ar na máistrí nua. Cuireadh clár úr scoláiríúil ar bun faoi choimirce an SS agus Otto Höfler, an Gearmánaí ba chumhachtaí sa Tríú Ríocht. Sa Danmhairg díbríodh mórán scoláirí nár thaitin a dtuairimí leis na Naitsigh agus sacadh sna campaí iad.

Thug John Kennedy (Ollscoil Charles Sturt) cuntas greannmhar ar na boinn a chuir a lán tíortha amach sa 20ú haois agus íomhánna orthu a bhain leis na Lochlannaigh. Ar na tíortha sin bhí cuid de Chríoch Lochlann, go háirithe an Iorua agus an Íoslainn, tíortha eile ar thug na Lochlannaigh cuairt orthu (go háirithe Oileán Mhanann), roinnt tíortha eile fós a raibh Éire, an Eastóin agus Meiriceá ina measc, agus go fiú tíortha nach raibh baint acu leis na Lochlannaigh, leithéid na *Cook Islands*, atá in aice leis an Nua-Shéalainn.

Chríochnaigh an siompóisiam le caint a rinne an scoláire John Martin, agus é ag cuimhneamh ar stair an Léinn Lochlannaigh agus na Sean-Lochlainnise in Ollscoil Mhelbourne. Augustin Lodewyckx, Ollamh na Gearmáinise, a thug isteach ar dtús iad sa bhliain 1944, agus lean Ian Maxwell, Ollamh an Bhéarla, den obair ón mbliain 1954 i leith. Mhúin John Martin an tSean-Lochlainnis sa Roinn Sualainnise ar feadh tríocha bliain, cé go bhfuil an teanga caite amach ag an Ollscoil anois. Labhair Martin le cion agus le meas ar ar tháinig roimhe sa phost, agus é ina shampla den ardscoláireacht is dual d'aon ollscoil ar fiú léi clú an léinn a bheith uirthi.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun: colger@melbpc.org.au
nó chun: ColinG.Ryan@ato.gov.au**

*If you do not want to receive further editions of this newsletter, please send a message accordingly to
colger@melbpc.org.au or ColinG.Ryan@ato.gov.au*